2024/1752

25.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1752 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/552 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin agus mionathruithe ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family'

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Márta 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/552 ón gCoimisiún ([2]), deonaíodh údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0024324-0000 do Veltek Associates Inc. maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraíonn an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe táirge ('AST') le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family', i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha nós imeachta le haghaidh na gcatagóirí éagsúla athruithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Tar éis tuairim a fháil ó nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') ar iarratas ó shealbhóir údaraithe Aontais, agus é ag iarraidh aon fhaisnéis arna cur isteach don iarratas tosaigh ar údarú a athrú, is faoin gCoimisiún atá sé cinneadh a dhéanamh an gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 19, nó i gcás inarb ábhartha, Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh, 528/2012 go fóill agus an bhfuil gá leis na téarmaí agus coinníollacha an údaraithe a leasú.

(3) An 29 Meitheamh 2022, chuir Veltek Associates Inc. Europe fógra faoi bhráid na Gníomhaireachta maidir leis na hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family', i gcomhréir le hAirteagal 11 (1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, rud a taifeadadh sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha ('an Clár') faoin gcás-uimhir BC-WR078024-12. Bhain na hathruithe ar tugadh fógra fúthu le dhá mhonaróir substaintí gníomhacha a chur leis.

(4) An 9 Lúnasa 2023 chuir Veltek Associates Inc. Europe iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta ar mhionathruithe ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family' i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, rud a taifeadadh sa Chlár faoi chás-uimhir BC-HJ088175-32, maidir le hathruithe ar na treoracha maidir le húsáid meitea-ASTanna 2, 3 agus 4, méadú ar an tseilfré agus athrú ar réimse mhéid na pacáistíochta táirgí i meitea-AST 1.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/552 ón gCoimisiún an 30 Márta 2021 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family' (IO L 111, 31.3.2021, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/552/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(5) An 11 Lúnasa 2022, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na hathruithe riaracháin ar tugadh fógra fúthu ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family', i gcomhréir le hAirteagal 11 (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, in éineacht le AST athbhreithnithe. Sa tuairim sin, tagtar ar an gconclúid gur athruithe riaracháin iad na hathruithe atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (aa), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe a chur chun feidhme.

(6) An 9 Eanáir 2024, chuir an Ghníomhaireacht a tuairim ([5]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an iarratas ar mhionathruithe ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family', i gcomhréir le hAirteagal 12 (4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, in éineacht le AST athbhreithnithe agus tuarascáil mheasúnachta athbhreithnithe. Sa tuairim sin, thángthas ar an gconclúid gur mionathruithe iad na hathruithe atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (ab), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe a chur chun feidhme.

(7) An 6 Feabhra 2024, sheol an Ghníomhaireacht an AST athbhreithnithe maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family' chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus cumhdaítear ann na hathruithe riaracháin agus mionathruithe ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagail 11(6) agus 12(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(8) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family' a leasú chun na hathruithe riaracháin agus na mionathruithe a d'iarr Veltek Associates Inc. Europe a thabhairt isteach.

(9) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis na hathruithe riaracháin agus na mionathruithe, fanann gach faisnéis eile a áirítear in AST 'DEC-AHOL® Product Family', mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/552, gan athrú.

(10) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun éascú a dhéanamh ar rochtain úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite críochnaitheach den AST atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/552.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/552 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/552.

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) maidir leis an athrú riaracháin ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family' an 11 Lúnasa 2022, Tuairim Uimh. UAD-C-1599800-27-00/F, f6d20bc5-5822-02d9-2800-006583f0128d (europa.eu).

([5]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an mionathrú ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha 'DEC-AHOL® Product Family an 9 Eanáir 2024, ECHA/BPC/410/2024, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE HAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

DEC-AHOL® Product Family

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Uimhir an údaraithe EU-0024324-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0024324-0000

Cuid I.

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	DEC-AHOL® Product Family

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Veltek Associates Inc. Europe
	Seoladh	Rozengaard 1940 8212DT Lelystad NL
Uimhir an údaraithe	EU-0024324-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0024324-0000	
Dáta an údaraithe	20 Aibreán 2021	
Dáta éaga an údaraithe	31 Márta 2031	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Veltek Associates, Inc.,
Seoladh an mhonaróra	15 Lee Blvd. PA19355 Malvern Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	Veltek Associates, Inc., site 1 15 Lee Blvd. PA19355 Malvern Na Stáit Aontaithe

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Própán-2-ól
Ainm an mhonaróra	Exxon Mobil Chemical Company
Seoladh an mhonaróra	4045 Scenic Hwy, Baton Rouge, LA 70805 Louisiana Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	Exxon Mobil Chemical Company site 1 4045 Scenic Hwy, Baton Rouge, LA 70805 Louisiana Na Stáit Aontaithe

Substaint ghníomhach	Própán-2-ól
Ainm an mhonaróra	Monument Chemical Houston, LTD
Seoladh an mhonaróra	16717 Jacintoport Boulevard 77015 Houston Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	Monument Chemical Houston, LTD site 1 16717 Jacintoport Boulevard 77015 Houston Na Stáit Aontaithe

Substaint ghníomhach	Própán-2-ól
Ainm an mhonaróra	Shell Chemicals
Seoladh an mhonaróra	150 St Claire Parkway ON N0N 1G0 Corunna Ceanada
Suíomh na láithreán monaraíochta	Shell Chemicals site 1 150 St Claire Parkway ON N0N 1G0 Corunna Ceanada

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	64,8 - 65,4 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AE - Dáileoir aerasóil AL - Aon leacht eile XX Eile - ceirtín réidh le húsáid

Cuid II.

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Meta SPC 1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	65,4 - 65,4 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	XX Eile - ceirtín réidh le húsáid

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H225: Leacht an-inadhainte agus gal an-inadhainte. H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. H336: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán. EUH066: D'fhéadfadh tirimeacht craicinn nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar ilnochtadh.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P261: Seachain gala a análú. P264: Nigh hands go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith lámhainní cosanta. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach.

	P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P312: Cuir glao ar dochtúir má bhraitheann tú tinn. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar i in accordance with local/national regulations. P280: Caith súilchosaint.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

1.1 Dromchlaí crua neamh-scagacha a dhíghalrú; Ceirtíní (ceirtíní aonair agus ceirtíní ilphacáiste araon)

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giosta Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Taobh istigh Ceirtíní díghalraithe atá le húsáid i seomraí glana i saoráidí déantúsaíochta cógaisíochta, bithchógaisíochta, feistithe leighis agus táirgí diagnóiseacha chun dromchlaí, ábhair agus trealamh neamhbheo crua a dhíghalrú, ar dromchlaí iad nach n-úsáidtear iad chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an mbia nó le hábhair bheathaithe.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Dromchlaí a chuimilt Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: -
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: - Caolú (%): Réidh le húsáid Airí uainithe:

	Is féidir an táirge a úsáid cúpla uair sa lá, más gá. Am na teagmhála: 2 nóiméad Ceirtíní aonair: Ceirtín 15.2 cm x 15.2 cm - 4 cheirtín in aghaidh an m^2 Ceirtín 30.5 cm x 30.5 cm - 1 cheirtín amháin in aghaidh an m^2 Ceirtín 45.7 cm x 45.7 cm - 1 cheirtín amháin in aghaidh an m^2 Ceirtíní ilphacáiste: 23 cm x 23 cm - 2 cheirtín amháin in aghaidh an m^2 30.5 cm x 30.5 cm - 1 cheirtín amháin in aghaidh an m^2
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Ceirtíní própán-2-óil 65.4% w/w réamh-sáithithe agus uisce le haghaidh instealltaithe (WFI). Ceirtíní aonair: Tá na ceirtíní comhdhéanta de snáithín leanúnach poileistear filiméid 100%. [DVX21] Déantar na ceirtíní a phacáistiú i málaí plaisteacha teas-séalaithe aonair déanta as poileitiléin ísealdlúis. Méid na bpacáistí: Ceirtín 15.2 cm x 15.2 cm - 100/cás, neamhsteiriúil Ceirtín 15.2 cm x 15.2 cm - 100/cás, steiriúil Ceirtín 30.5 cm x 30.5 cm - 100/cás, steiriúil Ceirtín 45.7 cm x 45.7 cm - 100/cás, steiriúil Ceirtíní ilphacáiste Tá na ceirtíní comhdhéanta de snáithín leanúnach poileistear filiméid fite 100%; 20 ceirtín in aghaidh an phacáiste; fillte le chéile i bpacáiste mála in-athdhúnta.[DVX22] Méid na bpacáistí: Ceirtín 100% poileistear 30.5 cm x 30.5 cm - 200/cás, neamhsteiriúil Ceirtín 100% poileistear 30.5 cm x 30.5 cm - 200/cás, steiriúil Ceirtín 100% poileistear 23 cm x 23 cm - 200/cás, steiriúil

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ná húsáid an táirge ach amháin i seomraí glana atá aicmithe in aicme 1 go 9 de réir ISO 14644-1 nó atá aicmithe i ngrád A go D de réir aicmiú Dea-Chleachtais Déantúsaíochta (DCD) an AE.

Glan na dromchlaí agus déan iad a thriomú roimh iad a dhíghalrú. Ná úsáid ach ceirtíní taise. Bain amach ceirtín amháin nó dhá cheirtín ag an am i gcás na gceirtíní aonair, agus aon cheann amháin ag an am i gcás na gceirtíní ilphacáiste. Déan cinnte de go bhfuil na dromchlaí iomlán fliuch. Fan 2 nóiméad ar a laghad chun go mbeidh éifeacht ag na táirge. Diúscair na ceirtíní tar éis iad a úsáid, i gcoimeádán dúnta, agus i gcás ceirtíní ilphacáiste dún an pacáiste tar éis é a oscailt.

Ceirtíní aonair:

Ceirtín 15.2 cm x 15.2 cm - 4 cheirtín in aghaidh an m^2

Ceirtín 30.5 cm x 30.5 cm - 1 cheirtín amháin in aghaidh an m^2

Ceirtín 45.7 cm x 45.7 cm - 1 cheirtín amháin in aghaidh an m^2

Ceirtíní ilphacáiste:

23 cm x 23 cm - 2 cheirtín amháin in aghaidh an m^2

30. 5 cm x 30.5 cm - 1 cheirtín amháin in aghaidh an m^2

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Féach na treoracha sonracha úsáide.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Bain úsáid as an aeráil leordhóthanach le ráta athraithe aeir 8 n-uaire in aghaidh na huaire, nó níos airde.

Ná cuir an táirge in aice na súl ná na haghaidhe é agus é á leathadh.

An lámhchosaint: Caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach i gcoinne ceimiceán.

An chosaint súl: Úsáid trealamh cosanta súl.

Seachain teagmháil leis na súile.

Ná hanálaigh an ghal.

Ná hith, ná hól, ná caith tobac agus an táirge in úsáid.

Nigh na lámha go maith tar éis láimhsithe.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Comharthaí/gortuithe tar éis ion-análaithe: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le fonn codlata nó meadhrán.

Comharthaí/gortuithe tar éis teagmhála leis an gcraiceann: D'fhéadfadh greannú, triomacht nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar theagmháil leis an gcraiceann arís agus arís eile agus/nó ar feadh tréimhse fada.

Comharthaí/gortuithe tar éis teagmhála leis na súile: Greannú tromchúiseach don tsúil.

Comharthaí/gortuithe tar éis ionghabhála: Is iad masmas agus urlachan mar thoradh ar ghreannú áitiúil na comharthaí a thuairiscítear i ndaoine, mar aon le héifeachtaí sistéamacha amhail an meisce, an chodlatacht agus uaireanta staid neamhaireachtálach agus leibhéal íseal siúcra fola (go háirithe i leanaí). Mar gheall ar an gcineál foirmlithe (ceirtíní, aerasóil agus spraeanna), is lú an seans go dtarlóidh na héifeachtaí sistéamacha sin.

Bearta garchabhrach ginearálta: Ná cuir aon rud riamh i mbéal dhuine atá neamhaireachtálach. Má bhraitheann tú tinn, faigh comhairle leighis (taispeáin an lipéad, más féidir).

I GCÁS INA N-ANÁLÓFAR AN GHAL: Cuir an duine amuigh faoin aer agus coinnigh ar a shuaimhneas é chun go mbeidh sé in ann análú go réidh éasca. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ TÁ SÉ AR AN GCRAICEANN: Sruthlaigh craiceann san uisce/nó faoi chith uisce. Bain gach píosa éadaigh atá éillithe láithreach bonn. Nigh go réidh iad le go leor gallúnaí agus uisce. Má thagann aon comharthaí tinnis ort, faigh cúnamh leighis.

I GCÁS INA MBEIDH AN TÁIRGE SNA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca amhlaidh a dhéanamh. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Sruthlaigh an béal. Tabhair rud éigin don duine le hól má tá sé aireachtálach. Má tá comharthaí tinnis le feiceáil: Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil. [DVX21] Mura bhfuil aon comharthaí tinnis ann: Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór na coimeádáin fholmha a dhiúscairt mar ghnáthdhramhaíl nó iad a athchúrsáil, nuair is féidir.

Faisnéis bhreise: Déan na coimeádáin fholmha a láimhseáil go cúramach ós rud é go bhfuil na gail iarmharacha iontu inadhainte

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Coinnigh in áit fhionnuar é, atá aeráilte go maith. Coinnigh amach é ó lasracha oscailte, ó dhromchlaí teo agus ó fhoinsí adhainte. Coinnigh i dteochtaí faoi bhun 30 °C.

Seilfré: 3 bhliain

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Tá própán-2-ól (Uimhir CAS: 67-63-0) sa táirge. Aontaíodh agus úsáideadh luach tagartha Eorpach dar luach 129.28 mg/m³ don úsáideoir gairmiúil agus measúnú riosca a dhéanamh ar an táirge.

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha			ALCOH-WIPE®	Réimse margaidh: AE	
			PROCESS2WIPE® IPA70	Réimse margaidh: AE	
Uimhir an údaraithe			EU-0024324-0001 1-1		
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		substaint ghníom-hach	67-63-0	200-661-7	65,4

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Meta SPC 2

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	64,8 - 64,8 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AE - Dáileoir aerasóil

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	H222 : Aerasól fíor-inadhainte, H229 : Coimeádán brúchóirithe: D'fhéadfadh sé pléascadh dá dtéifí é H229: Coimeádán brúchóirithe: D'fhéadfadh sé pléascadh dá dtéifí é H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. H336: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán. EUH066: D'fhéadfadh tirimeacht craicinn nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar ilnochtadh.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P211: Ná spraeáil ar lasair gan chosaint ná ar fhoinse eile adhainte. P251: Ná toll agus ná dóigh, fiú tar éis úsáide. P261: Seachain gala a análú. P264: Nigh hands go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith lámhainní cosanta. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach.

	P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P312: Cuir glao ar dochtúir má bhraitheann tú tinn. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P405: Stóráil faoi ghlas. P410+P412: Cosain ó sholas na gréine. Ná nocht do theocht níos airde ná 50°C/122°F. P501: Diúscair ábhar i in accordance with local/national regulations. P280: Caith súilchosaint.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

2.1 Dromchlaí crua neamh-scagacha a dhíghalrú seomra glain; Aerasóil (tiomantán aerasóil)

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giosta Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Taobh istigh Díghalrán atá le húsáid i seomraí glana i saoráidí déantúsaíochta cógaisíochta, bithchógaisíochta, feistithe leighis agus táirgí diagnóiseacha chun dromchlaí, ábhair agus trealamh neamhbheo crua a dhíghalrú, ar dromchlaí iad nach n-úsáidtear iad chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an mbia nó le hábhair bheathaithe.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Aerasól a spraeáil ar dhromchlaí Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: -

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Uasmhéid a spaeáiltear 35 ml/m² Caolú (%): Réidh le húsáid Airí uainithe: Is féidir an táirge a úsáid cúpla uair sa lá, más gá. Fan amach 15-20 cm ón spriocdhromchla agus an táirge á chur air agat ar feadh 20 shoicind/m². Am na teagmhála: 1 nóiméad
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	325 ml (11 oz.) - canna aerasóil (alúmanam arna chumhdach ar an taobh istigh le roisín feanólach eapocsach)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ná húsáid an táirge ach amháin i seomraí glana atá aicmithe in aicme 1 go 9 de réir ISO 14644-1 nó atá aicmithe i ngrád A go D de réir aicmiú Dea-Chleachtais Déantúsaíochta (DCD) an AE.

Glan na dromchlaí agus déan iad a thriomú roimh iad a dhíghalrú. Spraeáil an dromchla atá le díghalrú ó achar 15-20 cm. Fliuch an dromchla go maith leis an táirge, agus caith 20 soicind/m² á chur air, déan cinnte de go bhfuil na dromchlaí go hiomlán fliuch. Fan 1 nóiméad ar a laghad chun go mbeidh éifeacht ag na táirge. Tar éis an ama teagmhála riachtanaigh, lig don dromchla triomú san aer nó déan é a thriomú, más gá, ach é a chuimilt le héadach steirilithe nó le ceirtín. Ní mór éadach nó ceirtíní a bhfuil an táirge curtha orthu a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ba cheart go mbeadh tobair súilfholcadh práinneach agus cithfholcadáin sábháilteachta ar fáil i ngarchomharsanacht aon áit a d'fhéadfadh an neamhchosaint tarlú.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha úsáide ginearálta.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

Féach na treoracha sonracha úsáide.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Bain úsáid as an aeráil leordhóthanach le ráta athraithe aeir 8 n-uaire in aghaidh na huaire, nó níos airde.

Ná cuir an táirge in aice na súl ná na haghaidhe é agus é á leathadh.

An lámhchosaint: Caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach i gcoinne ceimiceán.

An chosaint súl: Úsáid trealamh cosanta súl.

Seachain teagmháil leis na súile.

Ná hanálaigh an ghal.

Ná hith, ná hól, ná caith tobac agus an táirge in úsáid.

Nigh na lámha go maith tar éis láimhsithe.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Comharthaí/gortuithe tar éis ion-análaithe: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le fonn codlata nó meadhrán.

Comharthaí/gortuithe tar éis teagmhála leis an gcraiceann: D'fhéadfadh greannú, triomacht nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar theagmháil leis an gcraiceann arís agus arís eile agus/nó ar feadh tréimhse fada.

Comharthaí/gortuithe tar éis teagmhála leis na súile: Greannú tromchúiseach don tsúil.

Comharthaí/gortuithe tar éis ionghabhála: Is iad masmas agus urlachan mar thoradh ar ghreannú áitiúil na comharthaí a thuairiscítear i ndaoine, mar aon le héifeachtaí sistéamacha amhail an meisce, an chodlatacht agus uaireanta staid neamhaireachtálach agus leibhéal íseal siúcra fola (go háirithe i leanaí). Mar gheall ar an gcineál foirmlithe (ceirtíní, aerasóil agus spraeanna), is lú an seans go dtarlóidh na héifeachtaí sistéamacha sin.

Bearta garchabhrach ginearálta: Ná cuir aon rud riamh i mbéal dhuine atá neamhaireachtálach. Má bhraitheann tú tinn, faigh comhairle leighis (taispeáin an lipéad, más féidir).

I GCÁS INA N-ANÁLÓFAR AN GHAL: Cuir an duine amuigh faoin aer agus coinnigh ar a shuaimhneas é chun go mbeidh sé in ann análú go réidh éasca. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ TÁ SÉ AR AN GCRAICEANN: Sruthlaigh craiceann san uisce/nó faoi chith uisce. Bain gach píosa éadaigh atá éillithe láithreach bonn. Nigh go réidh iad le go leor gallúnaí agus uisce. Má thagann aon comharthaí tinnis ort, faigh cúnamh leighis.

I GCÁS INA MBEIDH AN TÁIRGE SNA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca amhlaidh a dhéanamh. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Sruthlaigh an béal. Tabhair rud éigin don duine le hól má tá sé aireachtálach.

Má tá comharthaí tinnis le feiceáil: Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil. Mura bhfuil aon comharthaí tinnis ann: Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór na coimeádáin fholmha a dhiúscairt mar ghnáthdhramhaíl nó iad a athchúrsáil, nuair is féidir.

Faisnéis bhreise: Déan na coimeádáin fholmha a láimhseáil go cúramach ós rud é go bhfuil na gail iarmharacha iontu inadhainte.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coinnigh amach é ó lasracha oscailte, ó dhromchlaí teo agus ó fhoinsí adhainte.

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Coinnigh in áit fhionnuar é, atá aeráilte go maith. Coinnigh i dteochtaí faoi bhun 40 °C. Cosain ón sioc é.

Seilfré: 3 bhliain

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Tá própán-2-ól (Uimhir CAS: 67-63-0) sa táirge. Aontaíodh agus úsáideadh luach tagartha Eorpach dar luach 129.28 mg/m^3 don úsáideoir gairmiúil agus measúnú riosca a dhéanamh ar an táirge.

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 2**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha			DEC-AHOL® AEROSOL WFI Formula	Réimse margaidh: AE	
Uimhir an údaraithe			EU-0024324-0002 1-2		
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		substaint ghníom-hach	67-63-0	200-661-7	64,8

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 3 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 3 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Meta SPC 3

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-3

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

